## Na 10 mBunphrionsabal Choiteanna do Chuimsiú na Romach

Tá sí mar aidhm ag na prionsabail seo treoir a thabhairt d'institiúidí an AE agus do Bhallstáit nuair a dhearfaidh siad beartais nó tionscadail nua do chuimsiú na Romach agus nuair a chuirfidh siad na beartais agus na tionscadail sin i bhfeidhm.

Is dearbhú polaitiúil neamhcheangailteach dlíthiúil iad. Mar sin féin, chuir na Ballstáit in iúl go bhfuil siad tiomanta do na tionscnaimh sa todhchaí a bhunú ar na prionsabail seo.

1. Beartais chuiditheacha, phragmatacha agus neamh-idirdhealaitheacha
2. Spriocdhíriú follasach gan é a bheith eisiach
3. Cur chuige idirchultúrtha
4. Díriú ar Chuimsiú iomlán na Romach sa tsochaí
5. Feasacht ar an ngné inscne de
6. Beartais bunaithe ar fhianaise a aistriú
7. Ionstraimí Comhphobail a úsáid
8. Rannpháirtíocht údarás réigiúnach agus áitiúil
9. Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta
10. Rannpháirtíocht ghníomhach na Romach

Baineann roinnt de na Prionsabail le saincheisteanna dea bhunaithe, agus is prionsabail nuálaíocha iad roinnt eile, mar shampla:

- 'Spriocdhíriú follasach gan é a bheith eisiach' – in ionad díriú isteach ar na Romaigh mar ghrúpa ar leith, tá sé dírithe ar fheabhas a chur ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar thimpeallacht gach duine atá ag maireachtáil i ndálaí den chineál céanna
- An 'cur chuige idirchultúrtha' a leagann béim ar an méid is féidir leis na Romaigh agus leis an tsochaí phríomhshrutha araon a fhoghlaim óna chéile, agus a thugann le fios gur chóir foghlaim agus scileanna idirchultúrtha a chur chun cinn i dteannta claontachtaí agus steiréitíopaí a chomhrac
- 'Díriú ar Chuimsiú iomlán na Romach sa tsochaí' a thugann le fios gur chóir do bheartais cabhrú leis na Romaigh páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí seachas lonnaíochtaí nó margaí saothair ar leithligh a fhorbairt do na Romaigh.

## Teagmhálacha

**Tairseach Romach an Choimisiúin Eorpaigh**
http://ec.europa.eu/roma

**An Coimisiún Eorpach, AS Fostaíochta, An tAonad Frith Idirdhealaithe**
http://ec.europa.eu/anti-discrimination

**An feachtas faisnéise 'Ar Son na hÉagsúlachta. I gCoinne an Idirdhealaithe.'**
www.stop-discrimination.info


**Ciste Sóisialta na hEorpa**
http://ec.europa.eu/esf

**Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa**
http://ec.europa.eu/regional_policy/funds/feder/index_ga.htm

KE-78-09-898-GA-D

*Grianghraif: JPH Woodland – © Na Comhphobail Eorpacha; Reporters*





# Gníomh AE ar son na Romach

AR SON NA HÉAGSÚLACHTA
I GCOINNE AN IDIRDHEALAITHE

Tionscnamh den Aontas Eorpach

## Fíricí agus Figiúirí

Tá na Romaigh ar cheann de na mionlaigh eitneacha is mó san AE. Meastar go bhfuil cónaí ar thart ar 10-12 milliún Romach i mBallstáit éagsúla, agus is minic a bhíonn siad i gcruachás.
De réir suirbhé a rinneadh le deireanaí* a chuir ceist ar na Romaigh faoina gcuid eispéireas:

- Rinneadh idirdhealú i gcoinne leath na Romach ar cuireadh ceist orthu uair amháin ar a laghad sa bhliain roimhe sin
- Maidir leo siúd a ndearnadh idirdhealú ina gcoinne, tharla meán de 11 teagmhas idirdhealaithe do gach duine laistigh de thréimhse 12 mhí
- Measann 69 % de na Romaigh ar cuireadh ceist orthu go bhfuil idirdhealú ar bhonn cúlra eitnigh nó inimircigh duine forleathan ina dtírféin.

* *Data in Focus Report 1 – The Roma, EU-MIDIS: European Union Minorities and Discrimination Survey* [Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Mhionlaigh agus ar Idirdhealú] (2009) a tháirg Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Tá an tsraith tuarascálacha seo ar an gcéad suirbhé uile AE inar cuireadh ceist ar ghrúpaí mionlaigh inimirceacha agus eitneacha faoina n-eispéiris d'idirdhealú agus d'íospairt choiriúil sa ghnáthshaol. http://fra.europa.eu/eu-midis





## Reachtaíocht

Tá cumhacht an AE maidir le dul i ngleic le hidirdhealú bunaithe ar Airteagal 19 den Chonradh.

Ó 2000 i leith d'aontaigh na Ballstáit roinnt píosaí reachtaíochta a chuireann cearta tábhachtacha ar fáil do Romaigh:

- Cuireann an Treoir um Chomhionannas Cine (2000/43/CE), arna glacadh i 2000, cosc ar idirdhealú ar fhoras bunúis chine nó eitnigh san ionad oibre agus i réimsí eile saoil cosúil le hoideachas, cosaint shóisialta, cúram sláinte agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí.
- Sa Chreat Chinneadh (2008/913/JHA) maidir le ciníochas agus seineafóibe a chomhrac arna aontaíodh i 2008, cuirtear meastachán ar fáil de na dlíthe agus de na rialacháin ar chóir do Bhallstáit cloí leo i gcás cionta a bhfuil ciníochas agus seineafóibe i gceist leo.
- Leis an Treoir (2004/38/CE), maidir leis an gceart chun gluaiseachta agus chun cónaithe faoi shaoirse laistigh den AE ), arna glacadh i 2004, rathaítear go bhfuil sé de cheart ag na saoránaigh uile saorghluaiseacht a dhéanamh ar fud an AE ar coinníoll go bhfuil siad ag obair nó ag lorg fostaíochta, ag déanamh staidéar, in ann a dhóthain féin a tháirgeadh nó ar scor.

## Maoiniú

Tá cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh i ndáil le saincheisteanna Romacha follasach ach níl sé eisiach: ní phléitear cuimsiú na Romach ar leithligh ó ghníomhaíochtaí príomhshrutha an AE; ina ionad sin, tugtar aird ar leith ar chás áirithe na Romach laistigh de bheartais agus d'ionstraimí uile an AE atá dírithe ar fheabhas a chur ar staid eacnamaíochta, sláinte, dálaí maireachtála, deiseanna fostaíochta, tuiscint chultúrtha agus oideachas na nEorpach uile.

Go sonrach, déantar rannpháirtíocht iomlán na Romach sa tsochaí a thacú trí mheán uirlisí airgeadais an Chomhphobail, mar shampla:

- Ciste Sóisialta na hEorpa CSE a thacaíonn le fostaíocht agus le feabhsú caighdeán maireachtála, agus a chabhraíonn le daoine feabhas a chur ar a gcuid oideachais agus scileanna
- Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) a thacaíonn le forbairt réigiúnach, athrú eacnamaíoch, iomaíochas feabhsaithe agus comhoibriú críochach ar fud an AE
- An clár PROGRESS, lena n-áirítear an feachtas faisnéise 'Ar Son na hÉagsúlachta. I gCoinne an Idirdhealaithe.', lean maoinítear gníomhaíochtaí múscailte feasachta a bhfuil sí mar aidhm acu dul i ngleic le hidirdhealú i gcoinne na Romach.
- Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin agus meicníochtaí maoinithe ábhartha, mar shampla an Clár um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, an Clár Youth in Action, an Clár Cultúir (2007-2013), agus an Clár Sláinte (2008-2013), srl.

## An tArdán AE um Chuimsiú na Romach

Nuair a tionóladh Comhairle Gnóthaí Ginearálta an AE i mí na Nollag 2008, tar éis an chéad Chruinniú Mullaigh Eorpach maidir leis na Romaigh ar an 16 Meán Fómhair 2008, ba é ceann dá phríomhchonclúidí ná gur chóir ardán a bhunú chun dea chleachtas agus taithí ar chuimsiú na Romach a mhalartú. Tionóladh an chéad chruinniú den ardán nua ar 24 Aibreán 2009 i bPrág. Cabhróidh an t-ardán le comhleanúnachas agus éifeachtúlacht na bpróiseas beartais atá ann ar leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta a mhéadú.

Tháinig thart ar 70 páirtí leasmhar, lena n-áirítear rialtais náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) oifigigh ón AE agus ionadaithe Romacha le chéile i bPrág chun na 10 mBunphrionsabal Choiteanna do Chuimsiú na Romach a phlé. Ar 8 Meitheamh 2009, chuir Airí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta an AE na prionsabail seo i gceangal lena gConclúidí faoi Chuimsiú na Romach.